



Gaeilge Mhaigh Cuilinn

# Oifigeach Pleanála Teanga

## Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn

Tá Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn, i gcomhar le Gaeilge Mhaigh Cuilinn, Comhchoiste de chuid Fhorbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. agus Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn, freagrach as an bplean teanga do LPT Mhaigh Cuilinn a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfaí cur leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí i mbainistiú foireann oibre
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe i dTeach na Gaeilge, Maigh Cuilinn.

Beidh 39 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an bpost.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ar [www.gaeilgemhaighcuilinn.com](http://www.gaeilgemhaighcuilinn.com) agus tá na sonraí poist a théann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le bainisteoir an Chumann Forbartha ag 091 555626

Seoltar litir iarratais mar aon le CV chuig: An Cathaoirleach, Gaeilge Mhaigh Cuilinn roimh an 14 Feabhra 2020.  
Ríomhphost: [OPTMhaighCuilinn@gmail.com](mailto:OPTMhaighCuilinn@gmail.com)

